**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
# CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3.15–4.45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

**TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ**

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair a úsáid do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**Freagair DHÁ cheist - Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

*GAN ACH CEIST AMHÁIN a fhreagairt sa roinn seo:* C1 *nó* C2 *nó* C3

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

• Lean ar aghaidh leis an oscailt thíos chun séis 16 bharra a dhéanamh.

• Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.

• Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agat:

❐ trumpa ❐ óbó ❐ veidhlín ❐ fliúit






**(40)**

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo sliocht as *Bímse Buan ar Buairt Gach Ló* le Seán Clárach Mac Domhnaill.

> Níl Séis go Suairc ar chrua-chruit cheoil,
> Tá an éigse i ngruaim gan uaim ’na mbeol;
> Táid béithe buan ar buairt gach ló
> Ó théarnaigh uainn an buachaill beo.

Cuireadh ceol leis an gcéad líne thíos.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh. (Tá cead agat níos mó ná an líon barraí seo a bheith ann, agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)

- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.




**(40)**

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Tugtar mír oscailte gigue thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agat:

❐ fliúit ❐ veidhlín ❐ fliúiteog ❐ óbó






**(40)**

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

GAN ACH CEIST AMHÁIN *sa roinn seo a fhreagairt:* C4 *nó* C5 *nó* C6

**C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ**

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | E<br>C♯<br>A | | G♯<br>E<br>C♯ | | | | D<br>B<br>G♯ |
| Siombail an chorda | A | | C♯m | | | | G♯lagh |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| B | | | | |
| BQ | | | | |
| MEL | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Ag baint úsáide as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.




**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUMADH D’FHONN A THUGTAR

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas F♯ i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | C♯<br>A<br>F♯ | D<br>B<br>G♯ | E♯<br>C♯<br>A | | | | B<br>G♯<br>E♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | F♯m | G♯lagh | Améad | | | | E♯lagh |
| An uimhir Rómhánach | i | ii | III | iv | V | VI | vii |




**SRACOBAIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| C | | | | |
| CH Q | | | | |
| B | | | | |
| BQ | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oirúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.

• *Ná* bíodh an corda *sa suíomh céanna* agat i mboscaí le hais a chéile.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.




**(60)**

**C.6 CUNTRA-SHÉIS NÓ FORSHÉIS AGUS TACA CORDÚIL A CHUR LE FONN A THUGTAR**

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas E♭ i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | B♭<br>G<br>E♭ | | D<br>B♭<br>G | | | | A♭<br>F<br>D |
| Siombail an chorda | E♭ | | Gm | | | | Dlagh |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| CH | | | | |
| CAD | | | | |
| DESC | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.

• Cuir isteach comharthaí cordaí oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh agus lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.

• Tá cead agat úsáid a bhaint as siombailí corda *nó* as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint astu araon.

• *Ná* bíodh an corda *sa suíomh céanna* agat i mboscaí le hais a chéile.




**(60)**

## SRACOBAIR

LEATHANACH BÁN

2013. M53T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – ARDLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)**

**DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5.00–5.45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1-4 | | | |
| TAIFEADADH | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Fág an freagarleabhar seo ar do dheasc ag deireadh an scrúdaithe.*
- *Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.*

**Freagair GACH ceist.**

1. Luaigh an teideal atá ar an topaic Roghnach Éisteachta atá roghnaithe agat.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh **trí** cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá na sonraí **iomlána** riachtanach maidir le do chuid foinsí uile. Má tá an t-idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh gréasáin a úsáideadh le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh **cúig** dhréacht ceoil, chomh leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Dréacht | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin **trí** ghné shuntasacha *ceoil* de chuid na topaice atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus dean cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat.
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné ata roghnaithe agat agus na gnéithe ceoil eile i lathair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo.
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile ar do thaifeadadh.
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort fein.

Lch 7 de 8

**LEATHANACH BÁN**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – ARDLEIBHÉAL**
**ÉISTEACHT – CROÍCHÚRSA (100 marc)**
**DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30–3.00**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| 6 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- *Éist chun go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- *Tá cead agat do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- *Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna mar a bhfuil rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- *Bain úsáid as na spásanna laistigh den chlúdach cúil don tsracobair.*
- *Ná tabhair aon pháipéir eile leat isteach i halla an scrúdaithe.*
- *Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*

**C. 1** Trí shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Sliocht 1.**



**Sliocht 2.**




**Sliocht 3. Tá na barraí 1-9 sa sliocht seo priontáilte thíos**



**Sliocht 1**

(i) Cén chuid den saothar as ar tógadh an sliocht seo? ______________________

(ii) Ainmnigh an chnaguirlis atá á seinm sa sliocht seo. ______________________
Is é a sheinntear uirthi ná



(iii) Ainmnigh **dhá** uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

1. ________________ 2. ________________

(iv) Déan cur síos ar an gceol a sheinntear ar an olldord sa sliocht seo.

__________________________________________________

**Sliocht 2**

(i) Cuir isteach na ceithre nóta séise atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhfuil an ceol sa sliocht seo éagsúil leis an gceol i sliocht 1.

1. __________________________________________________

__________________________________________________

2. __________________________________________________

__________________________________________________

(iii) Is í uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo ná

❒ monafónach ❒ homafónach ❒ ilfhónach

**Sliocht 3**

(i) Ainmnigh an téama a chloistear sna barraí 1–9 sa sliocht seo. ______________________

(ii) Déan cur síos ar ghné **amháin** den tionlacan sna barraí 1–9 sa sliocht seo.

__________________________________________________

__________________________________________________

(iii) Déan cur síos ar an gceol a chloistear sna barraí deireannacha sa sliocht seo (ó bharra 9 go deireadh).

__________________________________________________

__________________________________________________

(iv) Baineann Tchaikovsky usáid as trí phríomhthéama in *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet*. Déan cur síos cruinn ar an tslí ina gcloistear ceann **amháin** de na téamaí seo den chéad uair sa saothar seo.

__________________________________________________

__________________________________________________

__________________________________________________

__________________________________________________

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as an gcantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá téacs an tsleachta seo agus aistriúchán le Henry S. Drinker priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Ach! ich bin ein Kind der Sünden, | *Ah! my failings sorely grieve me,* |
| Ach! ich irre weit und breit | *Yea, my sins are very great* |
| Der Sünden Aussatz so an mir zu finden | *The curse of Adam never more will leave me,* |
| Verlässt mich nicht in dieser Sterblichkeit. | *So long as I exist in man's estate.* |
| Mein Wille trachtet mir nach Bösem | *My inclinations lead to evil;* |
| Der Geist zwar spricht: ach! wer wird mich erlösen? | *Tho' oft my soul cries "who is there to save me?"* |
| Aber Fleisch und Blut zu zwingen, | *Ah me! To resist temptation* |
| Und das Gute zu vollbringen | *And attain thereby salvation* |
| Ist über alle meine Kraft. | *Is far beyond my feeble strength.* |

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo? _________________________

Is é an guth a chanann é ná

❒ soprán ❒ alt ❒ teanór ❒ dord

(ii) Sainaithin **dhá** ghné den líne ghutha a chloistear sa sliocht seo.

1. _______________________________________________________

2. _______________________________________________________

(iii) Déan cur síos ar an tionlacan sa sliocht seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(iv) Déan plé ar an gcóiriú a rinne Bach ar an téacs sa sliocht seo.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(v) Sainaithin an dúnadh ag deireadh an tsleachta.

__________________________

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá breac-scór de na barraí 1–18 sa sliocht priontáilte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Baineadh an sliocht seo as

❐ tús an tsaothair ❐ lár an tsaothair ❐ críoch an tsaothair

(ii) Ainmnigh an **dá** uirlis atá á seinm ag tús an tsleachta seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Seinntear iad

❐ senza vibrato ❐ espressivo ❐ molto flautando

(iii) Ainmnigh teicníocht chumadóireachta **amháin** atá in úsáid sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Déan cur síos ar an gcaoi a n-úsáidtear an teicníocht seo sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh ag **X** agus **Y** ar an scór.

(v) Sainaithin **trí** ghné de stíl cheoil Gerald Barry mar a chloistear iad in *Ceathairéad Pianó Uimh.1*.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá liricí an tsleachta seo priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | So you think you can stone me and spit in my eye. |
| Líne 2 | So you think you can love me and leave me to die. |
| Líne 3 | Oh baby, can't do this to me baby, |
| Líne 4 | Just gotta get out, just gotta get right outta here. |

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin stíl an cheoil a chloistear sa sliocht seo. ______________________________

(ii) Déan cur síos ar an gceol a sheinntear ar an ngiotár sna barraí ag tús an tsleachta (sula dtagann an guth isteach).

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(iii) Sainaithin **dhá** ghné de líne an ghutha sa sliocht seo.

1. ____________________________________________________________

2. ____________________________________________________________

(iv) Déan cur síos ar shampla d'fhocaldathú sa sliocht seo. Tagair do na liricí i do fhreagra.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(v) Chuir Freddie Mercury síos ar *Bohemian Rhapsody* mar "mock opera". Pléigh é sin.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach.** Freagair A agus B. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in B.

**A.** Cloisfidh tú TRÍ shliocht, gach ceann díobh á sheinm TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo. Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**

(i) Sainaithin an cineál foinn damhsa a chloistear sa sliocht seo agus an t-amchomhartha a bhaineann leis.

Damhsa: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ Amchomhartha: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Scríobh síos barra rithime tipiciúil amháin a bhaineann leis an gcineál seo damhsa _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Ag baint usáid as litreacha, scríobh síos foirm an fhoinn damhsa seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Sainaithin an stíl amhránaíochta a chloistear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin **trí** ghné den stíl amhránaíochta seo mar a chloistear sa sliocht seo iad.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _
3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Sa cheol a chloistear sa sliocht seo tá

❒ raon 6ach ❒ 7ach maol ❒ seichimh

**Sliocht 3**

Cumasc is ea an taifeadadh seo de stíleanna difriúla ceoil. Stíl amháin díobh ná ceol traidisiúnta Gaelach.

(i) Déan cur síos ar ghné **amháin** den cheol traidisiúnta Gaelach a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin stíl cheoil amháin eile a chloistear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Déan cur síos ar ghné **amháin** den stíl seo mar a chloistear sa sliocht seo í.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**B.** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Déan cur síos achomair ar an gcruit Ghaelach i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

**nó**

(ii) Déan cur síos ar cheol cumadóra a bhfuil ceol traidisiúnta na hÉireann agus stíl cheoil eile curtha le chéile aige. Tagair don dá stíl i do fhreagra.

**nó**

(iii) Tabhair cuntas ar fhoinn thraidisiúnta na rincí Gaelacha. Bíodh tagairtí agat i do fhreagra don struchtúr, don rithim agus do shaghsanna rincí éagsúla.

**nó**

(iv) Déan plé ar stíl cheoil agus ar stór ceoil aon cheoltóir aonair atá clúiteach nó aon ghrúpa atá clúiteach agus a bhfuil staidéar déanta agat orthu i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar thrí shliocht cheoil as *Zadok the Priest* le G.F. Handel.

- Seinnfear gach sliocht TRÍ huaire.
- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1**




(i) Cé mhéad barra ceoil a chloistear san intreoir sula dtagann na guthanna isteach?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Ainmnigh fine uirlisí a chloistear san intreoir. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Cuir isteach na cúig nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas.

**Sliocht 2**

(i) Déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhfuil an ceol sa sliocht seo agus an ceol i Sliocht 1 éagsúil lena cheile.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cé acu ceann de na figiúirí rithimeacha seo a chloistear sa tionlacan?



**Sliocht 3**

- Tá focail na línte 1–4 sa sliocht seo priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | God save the King, long live the King, God save the King! |
| Líne 2 | May he live forever |
| Líne 3 | Amen, amen, alleluia, alleluia, amen. |
| Líne 4 | A - - - - - men, amen, amen, alleluia, amen. |

(i) Is é an ceol a sheinntear ar an trumpa in líne 1 ná

☐   ☐   ☐ 

(ii) Is é an guth a chanann líne 2 ná

☐ soprán  ☐ alt  ☐ teanór  ☐ dord

Ar na téaduirlisí sa líne seo seinntear

☐ in armóin leis na guthanna

☐ an tséis chéanna leis na guthanna

☐ in aithris ar na guthanna

(iii) Déan cur síos ar ghné **amháin** de cheol an ghutha i líne 4.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Is í stíl an cheoil a chloistear sa sliocht seo ná

☐ stíl Bharócach  ☐ stíl Rómánsach  ☐ stíl Nuacheoil

Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**Tá cúig nóiméad agat chun an scrúdpáipéar a chríochnú.**

SRACOBAIR

SRACOBAIR

**LEATHANACH BÁN**